Dearadh Gréasáin

Leibhéal 1

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Suíomhanna gréasáin atá ann cheana féin a rochtain agus nascleanúint a dhéanamh orthu, agus páirt a ghlacadh i bplé faoi threoir an mhúinteora faoin fhaisnéis le cur isteach ina leathanach gréasáin féin, roimh fhaisnéis, íomhánna agus/nó fuaimeanna a roghnú ó fhillteán atá ullmhaithe ag an mhúinteoir. Bunghnéithe a fhiosrú sna bogearraí dearadh gréasáin. (Fiosrú)
- Leathanach gréasáin bunúsach a chruthú le cuidiú an mhúinteora. *B'fhéidir go mbeadh téacs, pictiúir agus/nó fuaimeanna atá curtha ar fáil ag an múinteoir i gceist anseo.* (Cur in iúl)
- A bheith feasach gur féidir leo modhanna digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh. (Malartú)
- Labhairt faoin obair acu, faoi threoir an mhúinteora. (Luacháil)
- A leathanach gréasáin a thaispeáint le cuidiú an mhúinteora. (Taispeáint)

Leibhéal 2

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Faisnéis, íomhánna nó fuaimeanna a roghnú lena n-úsáid ina gcuid oibre. Sraith treoracha a leanúint agus bogearraí dearadh gréasáin in úsáid acu. (Fiosrú)
- Leathanach gréasáin bunúsach a chruthú le cuidiú an mhúinteora. *B'fhéidir go mbeadh téacs agus/nó íomhá a chuir an múinteoir ar fáil a chur le chéile le leideanna le linn an phróisis i gceist leis seo.* (Cur in iúl)
- An dóigh ar féidir leo modhanna éagsúla digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh a shainaithint agus labhairt fúithi. (Malartú)
- Labhairt faoin dóigh a bhféadfadh siad feabhsuithe simplí a chur ar a gcuid oibre, le leideanna ón mhúinteoir. (Luacháil)
- A leathanach gréasáin a shábháil agus/nó í a thaispeáint don rang nó don ghrúpa le cuidiú an mhúinteora. (Taispeáint)

Leibhéal 3

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Faisnéis, íomhánna nó fuaimeanna chuardach agus a roghnú ó fhoinsí tugtha digiteacha le heagarthóireacht a dhéanamh orthu agus le cur ar a leathanach idirlín. Sraith treoracha a leanúint agus eagarthóireacht a dhéanamh orthu agus bogearraí dearadh gréasáin in úsáid acu. (Fiosrú)
- Leathanach gréasáin a chruthú. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo téacs, íomhánna agus/nó fuaimeanna a chumasc i dteimpléad nó i bpacáiste treoraithe ag draoi i gceist leis seo.* (Cur in iúl)

- Modh comhaimseartha digiteach a úsáid le cumarsáid a dhéanamh, nó le cur le gníomhaíocht ar líne faoi stiúir. *B'fhéidir go gcuimseoidh sé seo ríomhphoist a chur nó postáil a dhéanamh ar wiki, ar bhlag nó ar shnáithe plé.* (Malartú)
- Roinnt mionathruithe a dhéanamh lena leathanach gréasáin a fheabhsú. *B'fhéidir go mbeadh téacs le baint i gceist anseo, nó dath nó méid an chló a athrú agus/nó íomhánna a chur isteach nó a bhaint.* (Luacháil)
- Comhadainm a úsáid lena leathanach gréasáin a shábháil agus/nó í a thaispeáint don rang nó don ghrúpa. (Taispeáint)

Leibhéal 4

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Taighde a dhéanamh ar fhaisnéis, íomhánna, fuaimeanna nó íomhánna gluaiste as réimse d'fhoinsí digiteacha lena gcur in eagar agus lena gcur isteach ina gcuid oibre. Imscrúdú a dhéanamh ar an fhadhb i mionteagasc an taisc agus í a réiteach. *B'fhéidir go mbeadh clár scéil agus/nó léarscáil láithreáin i gceist leis seo.* (Fiosrú)
- Suíomh gréasáin a chruthú ina léirítear feasacht ar an spriocghrúpa agus ar an chuspóir mar atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. *B'fhéidir go mbeadh téacs a chruthú agus formáidiú a dhéanamh airi gceist leis seo, eagarthóireacht a dhéanamh ar íomhánna, leathanaigh a nascadh le chéile lena ndéanamh níos fóirsteanaí don spriocghrúpa agus don chuspóir.* (Cur in iúl)
- Ceann amháin nó níos mó de mhodhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le cumarsáid, le malartú agus le comhoibriú a dhéanamh i ngníomhaíochtaí ar líne faoi stiúir. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo ríomhphost a chur le ceangaltán nó roinnt postálacha ábhartha a dhéanamh ar vicí, ar bhlag nó ar fhóram plé.* (Malartú)
- Uirlisí agus gnéithe fóirsteanacha TFC a úsáid lena gcuid oibre a fheabhsú. *B'fhéidir go gcuimseodh sé úsáid a bhaint as seiceálaí litrithe agus doiciméadú a dhéanamh ar an hathruithe déanta ar a suíomh gréasáin.* (Luacháil)
- An suíomh gréasáin a shábháil i bhfillteán ainmnithe nó i ríomhphunann ranga. (Taispeáint)

Leibhéal 5

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Taighde a dhéanamh ar fhaisnéis, íomhánna, fuaimeanna nó íomhánna gluaiste as réimse d'fhoinsí digiteacha lena gcur in eagar agus lena gcur isteach ina gcuid oibre. Pacáiste cuí de bhogearraí ceapadóireacht ghréasáin agus úsáid a bhaint as réimse dá uirlisí agus dá ghnéithe. *B'fhéidir go mbeadh táblaí, hipearnaisc sheacthracha, baill the agus ancairí i gceist leis seo.* (Fiosrú)
- Suíomh gréasáin il-leathanach a chruthú a léiríonn tuiscint shoiléir ar an spriocghrúpa agus ar an chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. *B'fhéidir go mbeadh an suíomh gréasáin a fheabhsú don spriocghrúpa agus don chuspóir i gceist leis seo, trí shócmhainní níos cuí a chur isteach, ar a n-áirítear, eagarthóireacht a dhéanamh ar íomhánna, earraí a leabú, agus hipearnaisc a úsáid.* (Cur in iúl)

- Modh comhaimseartha digiteach amháin nó níos mó a úsáid le cumarsáid, malartú agus a gcuid faisnéise agus táirgí ilmheánacha a roinnt ar líne lena bpiaraí. *B'fhéidir go mbeadh obair ar líne le cur i láthair comhoibríoch a chruthú, nó plé, díospóireacht agus/ nó idirbheartaíocht ar líne a dhéanamh maidir le cé acu inneachar le cur isteach ina láithreoireachtaí indibhidiúla.* (Malartú)
- An timthriall de 'phleanáil, déanamh agus athbhreithniú' a úsáid lena gcuid oibre a fheabhsú. *B'fhéidir go mbeadh dearadh, dréachtú agus bheachtú a dhéanamh ar a gcuid oibre i gceist leis seo, ionas go mbeadh sí ábhartha don spriocghrúpa agus don chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. B'fhéidir go n-iarrfadh siad ar a bpiaraí aiseolas a thabhairt ar a suíomh gréasáin le moltaí a ghiniúint lena fheabhsú.* (Luacháil)
- An suíomh gréasáin agus comhaid nó ábhair ar bith bainteacha a eagrú, a stóráil, agus a chothabháil i spás pearsantaithe le sárthaispeántas a dhéanamh den fhoghlaim dhigiteach trasna an churaclaim. (Taispeáint)

Leibhéal 6

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Taighde a dhéanamh ar fhaisnéis/íomhánna/fuaimeanna/ íomhánna gluaiste níos ábhartha agus iad a roghnú as réimse d'fhoinsí digiteacha lena gcur ina suíomh gréasáin do spriocghrúpaí agus do chuspóirí ar leith, agus iad seo a aithint agus taifead a choinneáil orthu nuair is cuí. Imscrúdú a dhéanamh ar réimse uirlisí agus gnéithe sna bogearraí dearadh gréasáin, ag cur san áireamh an spriocghrúpa agus an cuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. *B'fhéidir go gcuimseodh seo gnéithe a chur isteach atá níos forbartha, amhail foirmeacha, teimpléid agus uirlisí le híomhánna a thaispeáint.* (Fiosrú)
- Riachtanais an úsáideora a shainaithint agus cur i láthair il-leathanach a phleanáil agus a fhorbairt agus a thástáil a bhfuil réimse de ghnéithe níos sofaisticiúla i gceist leis agus a bhfuil cosúlacht agus mothú comhleanúnach aige. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo giotaí beaga cóid a chur isteach amhail JavaScript, foirm aiseolais a dhearadh agus/nó teimpléad a chur in oiriúint le hionchais an úsáideora deiridh a chomhlíonadh.* (Cur in iúl)
- Réimse de mhodhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh, lena gcuid faisnéise agus a gcuid táirgí ilmheáin a mhalartú agus a roinnt, ag comhoibriú le piaraí, le saineolaithe agus le húsáideoirí deiridh. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo comhobair a dhéanamh ar ábhar nó ar dhearadh le piaraí, mar shampla é a roinnt i bhfóram plé agus ag ligean do rannpháirtithe gnéithe comhoibríocha atá ar fáil sna bogearraí a úsáid le tráchtanna agus cosaintí ardchaighdeáin a chur isteach díreach ar dhoiciméad amháin nó níos mó.* (Malartú)
- Cosaint a thabhairt ar na bogearraí feidhme a roghnaigh siad leis an tasc a chomhlánú, na malairtí ar smaoinigh siad orthu agus an próiseas a rinne siad agus an próiseas a rinne siad agus an foilseachán á tháirgeadh. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo an próiseas forbartha a shainaithint agus cur síos a dhéanamh air, agus na heochairphointí a shainaithint mar a ndearna siad breithiúnais fiúntais a chuir feabhas ar an doiciméad deiridh agus a rinne cosaint ar an doigh a gcomhlíonann a suíomh gréasáin na riachtanais atá ag spriocghrúpa agus cuspóir ar leith.* (Luacháil)
- A gcuid oibre a eagrú, a stóráil, agus a chothabháil i spás pearsantaithe le sárthaispeántas a dhéanamh den fhoghlaim dhigiteach trasna an churaclaim. (Taispeáint)

Leibhéal 7

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Acmhainní as réimse d'fhoinsí digiteacha, a aimsíodh agus a cruthaíodh, a roghnú, agus a luacháil, agus taighde a dhéanamh orthu agus idirdhealú a dhéanamh eatarthu maidir le hábharthacht, iontaofacht agus beachtas agus cosaint a thabhairt ar a bhfoinsí agus tagairt a dhéanamh dóibh. An pacáiste bogearraí is chuí le húsáid a roghnú agus cosaint a dhéanamh ar na gnéithe a úsáidtear le freastal ar riachtanais an úsáideora deiridh. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo taighde ar shuíomhanna gréasáin eile leis na sócmhainní is ábhartha a aimsiú agus réimse leaganacha amach a thriail go córasach, ag socrú ar an cheann is cuí le freastal ar ionchais an spriocghrúpa, ag úsáid timthriall forbartha lena bhfréamhshamhail a thástáil agus a choigeartú go rialta agus cosaint a dhéanamh ar a roghanna agus a mbreithiúnais bunaithe ar a n-intinní tosaigh, ar ghrúpdhíospóireachtaí agus ar aiseolais ó úsáideoirí deiridh.* (Fiosrú)
- Riachtanais an úsáideora a shainaithint agus a phleanáil, suíomh gréasáin úrnua il-leathanach a chruthú atá fóirsteanach don spriocghrúpa agus don chuspóir agus a bhfuil réimse de ghnéithe forbartha i gceist leis. *B'fhéidir go mbeadh hipearnaisc sheachtracha, boscaí anuas, cnaipí tar-rollta, stílbhileoga cascáideacha, JavaScript nó beochaintí i gceist leis seo.* (Cur in iúl)
- Tairbhe a bhaint as modhanna cumarsáide comhaimseartha lena smaointe forbartha agus a bhfaisnéis a mhalartú, a roinnt agus comhoibriú a dhéanamh orthu le piaraí, le saineolaithe agus le húsáideoirí deiridh, ag cur le timpeallacht dhomhanda chomhoibríoch. *B'fhéidir go cuimseoidh sé seo inneachar nó dearaí a chomhroinnt nó an URL ar bhlag le haiseolas a chruinniú ó phiaraí, saineolaithe agus ó húsáideoirí deiridh, agus gníomhú dá réir ar dhóigh thuisceanach le cur leis an chaighdeán ard agus le hoiriúnacht na faisnéise bailithe don úsáideoir deiridh mar atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc.* (Malartú)
- Riachtanais an úsáideora deiridh agus cuspóir an bhunachair shonraí a shainaithint ag an tús, le tuiscint atá ag méadú, agus athbhreithniú a dhéanamh go córasach ar an leagan deiridh i gcoinne na riachtanas ag deireadh an phróisis, agus a shainaithint go soiléir cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh iad. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo aiseolas a chruinniú ó úsáideoirí deiridh agus beachtú breise a dhéanamh nó moltaí a leagan amach le feabhas d'ardchaighdeán a dhéanamh.* (Luacháil)
- Stór digiteach d'obair atá struchtúraithe go loighciúil a bhainistiú agus a chur i láthair, le sárthaispeántas a dhéanamh den fhoghlaim trasna an churaclaim, agus formáid, iniomparthacht, méid, cóipcheart agus leaganú a chur san áireamh. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo comhaid a chúltacú chuig áit mhalartach, leaganacha iolracha a bhainistiú agus formáidí agus taifigh chuí a roghnú.* (Taispeáint)

Ba chóir go léireodh daltaí, ag am agus in áit is cuí, eolas agus tuiscint ar ríomhshábháilteacht, ar a n-áirítear iompraíocht atá inghlactha ar líne.